Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)**

**14804/23**

**AG 127
INST 419
JUR 647**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 664 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le feidhmiú coistí in 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 664 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 664 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.10.2023
COM(2023) 664 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú coistí in 2022**

{SWD(2023) 340 final}

GA GA

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú coistí in 2022**

# 1. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún[1] (an 'Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste'), cuireann an Coimisiún a thuarascáil bhliantúil maidir le feidhmiú coistí in 2022 i láthair.

Tugtar forbhreathnú sa tuarascáil ar fhorbairtí in 2022 ar an gcóras 'nós imeachta coiste', a thagraíonn do na coistí lena dtéann an Coimisiún i gcomhairle maidir le dréachtghníomhartha cur chun feidhme. Tá ionadaithe ar na coistí sin as na Ballstáit, an Coimisiún ina chathaoirleach orthu, agus leanann siad nósanna imeachta oibriúcháin éagsúla ag brath ar an mbunghníomh ábhartha (cf. Tábla II).

Tugtar achoimre sa tuarascáil ar ghníomhaíochtaí na gcoistí agus tá **doiciméad inmheánach oibre** ag gabháil léi ina bhfuil staitisticí mionsonraithe i dtaca le hobair gach coiste ar leith le haghaidh gach earnáil beartais[2]. Cuirtear i dtábhacht inti na príomhathruithe agus treochtaí a chonacthas ar bhonn bliantúil, trí fhigiúirí foriomlána a chur i láthair maidir le cruinnithe, nósanna imeachta i scríbhinn, tuairimí a tugadh (i.e. dearfach, diúltach nó gan tuairim) agus gníomhartha a glacadh. Tugtar forbhreathnú inti chomh maith ar na cásanna a cuireadh faoi bhráid an choiste achomhairc agus ar agóidí ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle faoi Airteagal 11 den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste. Cuirtear faisnéis ar fáil freisin maidir leis na bearta a glacadh faoin nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú.

# 2. FORBHREATHNÚ AR FHORBAIRTÍ SA CHÓRAS NÓS IMEACHTA COISTE IN 2022

## 2.1. Forbairtí ginearálta

Bhí na coistí coisteolaíochta ag feidhmiú in 2022 faoi nósanna imeachta a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste, i.e. an nós imeachta comhairleach (Airteagal 4) agus an nós imeachta scrúdúcháin (Airteagal 5), chomh maith le bheith ag feidhmiú faoin nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a leagtar amach in Airteagal 5a den Cinneadh maidir leis an Nós Imeachta Coiste[3].

Agus deireadh á chur de réir a chéile le srianta COVID-19, bhíothas in ann cruinnithe fisiciúla (nó cruinnithe hibrideacha) de choistí coisteolaíochta a thionól ar bhonn níos tráthrialta. Gan

1 IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.
2 Mar atá cumhdaithe ag ranna an Choimisiún a phléann leis na réimsí beartais faoi seach.
3 Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23).

beann ar an mbealach a tionóladh iad (i láthair go fisiciúil, go cianda nó i bhformáid hibrideach), liostaítear gach cruinniú i gClár na Coisteolaíochta[4] agus sonraítear foirm an chruinnithe sa taifead achomair.

Leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[5] meabhraítear an gá atá le gníomhartha ina dtagraítear fós don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a ailíniú leis an gcreat dlíthiúil nua a tugadh isteach le Conradh Liospóin. Le linn 2022 leanadh de na díospóireachtaí idirinstitiúideacha maidir le hailíniú a dhéanamh leis an gcuid eile de na bunghníomhartha, ar bhonn thograí 2016 an Choimisiúin. Maidir leis an togra ginearálta maidir le hailíniú[6], tar éis comhaontú páirteach ar thángthas air in 2019, tá an chuid eile de lena gcumhdaítear 104 ghníomh fós faoi réir tuilleadh plé mar nach raibh na comhreachtóirí in ann teacht ar chomhaontú go dtí seo cé acu is ceart na gníomhartha nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a ailíniú le gníomhartha tarmligthe nó le gníomhartha cur chun feidhme. Idir an dá linn, aisghaireadh 25 ghníomh le gníomhartha reachtacha eile nó rinneadh a bhforálacha nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a ailíniú le gníomhartha tarmligthe nó le gníomhartha cur chun feidhme i gcomhthéacs leasuithe reachtacha a rinneadh ar na bunghníomhartha lena mbaineann faoi seach. Ní gá níos mó na gníomhartha sin a ailíniú i gcomhthéacs an togra seo.

Maidir leis an togra sonrach um ailínithe a bhaineann le réimse an cheartais[7], thángthas ar chomhaontú in 2022. Leis an rún reachtach uaithi an 18 Deireadh Fómhair 2022, d'fhormhuinigh Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, gan leasuithe breise a dhéanamh. An téacs deiridh, a foilsíodh an 25 Deireadh Fómhair[8], ní bhaineann sé ach le hailíniú[9] Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 lena gcruthaítear Ordú Forfheidhmiúcháin Eorpach d'éilimh neamhchonspóidithe, ós rud é gur aisghaireadh an dá ghníomh eile den togra bunaidh idir an dá linn.

I ndáil leis an togra ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2017[10] arb é ba aidhm dó Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 maidir leis an Nós Imeachta Coiste a bhaineann leis an gcoiste achomhairc a leasú, agus go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar chásanna a bheadh 'gan tuairim' ann i

4 https://ec.europa.eu/transparency/comitology-register/screen/home?lang=ga

5 Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1), féach pointe 27.

6 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagail 290 agus 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, COM (2016) 799 final,

7 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéantar roinnt gníomhartha dlí i réimse an Cheartais lena ndéantar foráil maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a oiriúnú d'Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (COM (2016) 798).

8 IO L 275, 25.10.2022, lch. 30. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ:L:2022:275:TOC

9 An t-aon fhoráil amháin sa Rialachán lena bhforáiltear maidir le húsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú, rinneadh é a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhartha tarmligthe a úsáid chun na hiarscríbhinní a leasú ar mhaithe leis na foirmeacha caighdeánacha a thabhairt cothrom le dáta.

10 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (COM (2017) 085 final).

réimsí íogaire[11], ní rabhthas in ann dul chun cinn a dhéanamh in 2022 toisc go raibh difríochtaí móra fós ann idir na seasaimh a bhí ag na gcomhreachtóirí.

Lean an Coimisiún de dhréacht- téacsanna le haghaidh gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme tábhachtacha a chur ar fáil don phobal ar feadh tréimhse 4 seachtaine, rud a thug deis do pháirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach. In 2022, foilsíodh 72 dhréachtghníomh cur chun feidhme ar an suíomh gréasáin 'Cloisimis uait'[12] chun aiseolas a fháil ón bpobal, figiúr atá beagán faoi bhun na 85 dhréachtghníomh cur chun feidhme a foilsíodh in 2021.

## 2.2. Forbairtí sa chásdlí

Ina breithiúnas an 14 Iúil 2022 i gcás *An Coimisiún* v *an Pholainn*[13], dheimhnigh an Chúirt breithiúnas na Cúirte Ginearálta i gcás T-699/17. Bhain an cás sin leis an idirthréimhse agus leis na forálacha maidir le vótáil trí thromlach cáilithe le haghaidh an athraithe ó Chonradh Nice go Conradh Liospóin. Baineann sé le cur i bhfeidhm tráthúil Airteagal 3(2) de Phrótacal 36 de Chonradh Liospóin, lena bhforáiltear, idir an 1 Samhain 2014 agus an 31 Márta 2017, nuair a bheidh gníomh le glacadh trí thromlach cáilithe, go bhféadfaidh Ballstát a iarraidh go nglacfar an gníomh i gcomhréir leis an tromlach cáilithe is infheidhme roimh an 31 Deireadh Fómhair 2014 (i.e. an tromlach cáilithe a raibh feidhm aige roimh theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin). Bhain an díospóid le cé acu is gá an iarraidh ó Bhallstát agus an vótáil araon a dhéanamh roimh an 31 Márta 2017, nó an leor go ndéanfadh an Ballstát an iarraidh roimh an dáta sin agus go bhféadfadh an vótáil a reáchtáil ina dhiaidh sin. Rialaigh an Chúirt Ghinearálta gur leor go ndearna Ballstát an iarraidh roimh an 31 Márta 2017, agus, ar achomharc, sheas an Chúirt le breithiúnas na Cúirte Ginearálta.

Maidir le trédhearcacht obair na gcoistí coisteolaíochta, i gcásanna uamtha T-371/20 agus T-554/20 (*Pollinis France* v *An Coimisiún*[14]), scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta diúltú an Choimisiúin rochtain a thabhairt ar dhoiciméid (faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001[15]) ina léirítear seasaimh aonair na mBallstát arna gcur in iúl i gcomhthéacs coiste coisteolaíochta. Ina breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2022, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta d'argóintí an Choimisiúin a bhí bunaithe ar an ngá an próiseas cinnteoireachta leanúnach a chosaint agus rinne sí na cinntí ábhartha ón gCoimisiún lenar diúltaíodh rochtain a neamhniú. Rinne an Coimisiún achomharc i gcoinne an bhreithiúnais a thaisceadh ina dhiaidh sin.

---

11 Tá leasuithe spriocdhírithe ar an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste molta ag an gCoimisiún chun cás a sheachaint ina mbeadh oibleagáid dhlíthiúil ar an gCoimisiún cinneadh údarúcháin a dhéanamh in éagmais tromlach cáilithe de na Ballstáit a bhfuil seasamh á ghlacadh acu (bíodh sé i bhfabhar nó i gcoinne) ar an gcoiste nó ar an gcoiste achomhairc. Dar leis an gCoimisiún bíonn fadhb ar leith ag baint le cás 'gan tuairim' den sórt sin nuair a bhaineann sé le hábhair atá íogair ó thaobh na polaitíochta de a mbíonn tionchar díreach acu ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí, mar shampla sa réimse sláinte sábháilteachta daoine, ainmhithe nó plandaí.

12 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say_ga

13 C- 207/21 P, *An Coimisiún Eorpach* v *Poblacht na Polainne*, ECLI:AE:C:2022:560.

14 T-371/20 agus T-554/20, *Pollinis France* v *An Coimisiún*, ECLI:AE:T:2022:556.

15 Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

## 3. FORBHREATHNÚ AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Tá na figiúirí ar fad a léirítear sna ranna seo a leanas bunaithe ar na torthaí a chuirtear i láthair go mion sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

### 3.1. An líon coistí

Dírítear sa tuarascáil seo ar na coistí coisteolaíochta agus orthu sin amháin, ar coistí iad a bhunaigh an reachtóir chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme a tugadh dó le bunghníomhartha dlí. Ní cumhdaithe sa tuarascáil seo eintitis eile, go háirithe grúpaí saineolaithe a bhunaigh an Coimisiún é féin.

Taispeántar i dTábla I an líon coistí coisteolaíochta a bhí ann le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2022, agus na figiúirí don bhliain roimhe sin ann ar mhaithe le comparáid a dhéanamh.

## **TÁBLA I — AN LÍON IOMLÁN COISTÍ**

| Roinn an Choimisiúin | 2021 | 2022 |
|---|---|---|
| **AGRI (Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe)** | 12 | 12 |
| **BUDG (Buiséad)** | 2 | 2 |
| **CLIMA (Gníomhú ar son na hAeráide)** | 5 | 5 |
| **CNECT (Líonraí Cumarsáide, an tÁbhar Digiteach agus an Teicneolaíocht)** | 11 | 15 |
| **DEFIS (An Tionscal Cosanta agus an Spás)** | 13 | 8 |
| **DIGIT (Faisnéisíocht)** | 1 | 0 |
| **EAC (Oideachas agus Cultúr)** | 4 | 4 |
| **ECFIN (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)** | 2 | 2 |
| **ECHO (Cabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta)** | 2 | 2 |
| **EMPL (Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú)** | 6 | 5 |
| **ENER (Fuinneamh)** | 14 | 13 |
| **ENV (An Comhshaol)** | 27 | 26 |
| **ESTAT (Eurostat)** | 2 | 1 |
| **FISMA (Cobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil)** | 11 | 11 |
| **FPI (An tSeirbhís um Ionstraimí Beartais Eachtraigh)** | 1 | 2 |
| **GROW (An Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna)** | 39 | 38 |
| **HOME (Imirce agus Gnóthaí Baile)** | 20 | 18 |
| **INTPA (Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta)** | 3 | 3 |
| **JUST (Ceartas agus Tomhaltóirí)** | 28 | 24 |
| **MARE (Gnóthaí Muirí agus Iascaireacht)** | 3 | 3 |
| **MOVE (Soghluaisteacht agus Iompar)** | 33 | 31 |
| **NEAR (Comharsanacht agus Caibidlíocht maidir le Méadú)** | 3 | 2 |
| **OLAF (An Oifig Eorpach Frith- Chalaoise)** | 1 | 1 |
| **REFORM (Tacaíocht um Athchóiriú Struchtúrach)** | 2 | 1 |
| **REGIO (Beartas Réigiúnach agus Uirbeach)** | 0 | 2 |
| **RTD (Taighde agus Nuálaíocht)** | 31 | 17 |
| **SANTE (Sláinte agus Sábháilteacht Bia)** | 33 | 33 |
| **SG (An Ardrúnaíocht) *** | 3 | 3 |
| **TAXUD (Cánachas agus an tAontas Custaim)** | 28 | 26 |
| **TRADE (Trádáil)** | 13 | 12 |
| **IOMLÁN:** | **353** | **322** |

** Lena n- áirítear an coiste achomhairc [16]*

In 2022, bhí **322 choiste coisteolaíochta** ann le linn na bliana, lena n-áirítear gach foirmíocht choiste[17]. Is laghdú beag é sin i gcomparáid le líon na gcoistí a bhí ann in 2021 (tráth a bhí 353 choiste coisteolaíochta ann). Ba é ba chúis leis sin den chuid is mó an deireadh a cuireadh le roinnt 'seanchoistí' a bhí ag fónamh faoin nglúin roimhe seo de chláir agus de chistí an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI)[18]. De réir mar a tháinig reachtaíocht nua i bhfeidhm in 2022, níor cruthaíodh coistí nua ach i roinnt cásanna agus tháinig laghdú ar líon na gcoistí coisteolaíochta ó 2021 agus chuaigh siad ar ais go dtí na leibhéil a taifeadadh sna blianta roimh 2021[19].

[16] Tá an coiste achomhairc cláraithe i gClár na Coisteolaíochta mar choiste faoi fhreagracht na hArdrúnaíochta. Sa chleachtas, áfach, tá sé á bhainistiú ag na ranna ábhartha.

[17] I líon beag bunghníomh, rinne an reachtóir foráil maidir le cumraíochtaí sonracha den choiste.

[18] Cuireadh deireadh leo sin de réir a chéile le linn 2021, i gcomhthráth le teacht chun cinn coistí 'nua' a cruthaíodh faoin nglúin nua de chláir agus de chistí CAI (2021-2027).

[19] 2019: 318, 2020: 320

**TÁBLA II — AN LÍON COISTÍ DE RÉIR NÓS IMEACHTA**

| Roinn an Choimisiúin | An cineál nós imeachta | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Comhairleach | Scrúdúchán | Rialúchán lena ngabhann grinnscrúdú | Nósanna imeachta iomadúla | IOMLÁN: |
| **AGRI** | 0 | 8 | 0 | 4 | 12 |
| **BUDG** | 0 | 1 | 0 | 1 | 2 |
| **CLIMA** | 0 | 1 | 0 | 4 | 5 |
| **CNECT** | 1 | 7 | 0 | 7 | 15 |
| **DEFIS** | 0 | 1 | 0 | 7 | 8 |
| **DIGIT** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **EAC** | 0 | 3 | 0 | 1 | 4 |
| **ECFIN** | 0 | 1 | 0 | 1 | 2 |
| **ECHO** | 0 | 2 | 0 | 0 | 2 |
| **EMPL** | 1 | 1 | 1 | 2 | 5 |
| **ENER** | 2 | 7 | 0 | 4 | 13 |
| **ENV** | 0 | 12 | 1 | 13 | 26 |
| **ESTAT** | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 |
| **FISMA** | 0 | 5 | 2 | 4 | 11 |
| **FPI** | 0 | 2 | 0 | 0 | 2 |
| **GROW** | 2 | 11 | 2 | 23 | 38 |
| **HOME** | 1 | 15 | 0 | 2 | 18 |
| **INTPA** | 0 | 3 | 0 | 0 | 3 |
| **JUST** | 7 | 11 | 2 | 4 | 24 |
| **MARE** | 0 | 2 | 0 | 1 | 3 |
| **MOVE** | 3 | 13 | 1 | 14 | 31 |
| **NEAR** | 0 | 2 | 0 | 0 | 2 |
| **OLAF** | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 |
| **REFORM** | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| **REGIO** | 0 | 0 | 0 | 2 | 2 |
| **RTD** | 0 | 3 | 0 | 14 | 17 |
| **SANTE** | 0 | 12 | 0 | 21 | 33 |
| **SG*** | 0 | 3 | 0 | 0 | 3 |
| **TAXUD** | 0 | 10 | 0 | 16 | 26 |
| **TRADE** | 3 | 4 | 0 | 5 | 12 |
| **IOMLÁN:** | **21** | **141** | **9** | **151** | **322** |

** Lena n- áirítear an coiste achomhairc*

Léirítear i dTábla II miondealú ar na coistí in 2022 de réir an chineáil nós imeachta faoinar raibh siad ag feidhmiú (i.e. nós imeachta comhairleach, nós imeachta scrúdúcháin, nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú). Scaradh na coistí ag a bhfuil nósanna imeachta iomadúla ó na coistí a fheidhmíonn faoi nós imeachta amháin.

## 3.2. An líon cruinnithe agus nósanna imeachta i scríbhinn

Sainítear déine ghníomhaíocht na gcoistí go príomha leis an líon cruinnithe coiste agus an líon nósanna imeachta i scríbhinn[20]. Cuirtear i láthair iad sin i dTábla III seo a leanas.

20 D'fhéadfaí vótáil an choiste a reáchtáil ag gnáthchruinniú an choiste nó, i gcásanna cuí-réasúnaithe, trí nós imeachta i scríbhinn, i gcomhréir le hAirteagal 3(5) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste.

**Tábla III — AN LÍON CRUINNITHE AGUS NÓSANNA IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| Roinn an Choimisiúin | An líon coistí | Cruinnithe | | Nósanna imeachta i scríbhinn | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 2021 | 2022 | 2021 | 2022 |
| **AGRI** | 12 | 121 | 100 | 104 | 52 |
| **BUDG** | 2 | 6 | 4 | 2 | 0 |
| **CLIMA** | 5 | 5 | 5 | 8 | 3 |
| **CNECT** | 15 | 13 | 15 | 21 | 30 |
| **DEFIS** | 8 | 36 | 46 | 12 | 7 |
| **DIGIT** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **EAC** | 4 | 8 | 11 | 12 | 17 |
| **ECFIN** | 2 | 2 | 14 | 0 | 0 |
| **ECHO** | 2 | 8 | 7 | 8 | 12 |
| **EMPL** | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **ENER** | 13 | 10 | 18 | 0 | 8 |
| **ENV** | 26 | 24 | 23 | 20 | 10 |
| **ESTAT** | 1 | 3 | 3 | 16 | 7 |
| **FISMA** | 11 | 14 | 10 | 17 | 23 |
| **FPI** | 2 | 3 | 9 | 0 | 6 |
| **GROW** | 38 | 33 | 30 | 42 | 78 |
| **HOME** | 18 | 41 | 49 | 38 | 60 |
| **INTPA** | 3 | 19 | 18 | 168 | 14 |
| **JUST** | 24 | 30 | 21 | 6 | 6 |
| **MARE** | 3 | 4 | 3 | 16 | 10 |
| **MOVE** | 31 | 61 | 40 | 37 | 20 |
| **NEAR** | 2 | 7 | 19 | 41 | 48 |
| **OLAF** | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **REFORM** | 1 | 0 | 1 | 0 | 2 |
| **REGIO** | 2 | 1 | 3 | 7 | 3 |
| **RTD** | 17 | 41 | 62 | 148 | 355 |
| **SANTE** | 33 | 93 | 95 | 634 | 813 |
| **SG*** | 3 | 6 | 12 | 10 | 6 |
| **TAXUD** | 26 | 39 | 31 | 23 | 36 |
| **TRADE** | 12 | 18 | 24 | 70 | 49 |
| **IOMLÁN:** | **322** | **646** | **673** | **1476** | **1675** |

** Lena n- airítear cruinnithe/nósanna imeachta i scríbhinn an choiste achomhairc*

Tionóladh **673 chruinniú** in 2022, figiúr atá beagán os cionn an líon cruinnithe in 2021 (646), agus bhí **1675 nós imeachta i scríbhinn** ann, figiúr atá os cionn an mhéid a bhí ann an bhliain roimhe sin (1476) freisin.

### 3.3. An líon tuairimí agus gníomhartha cur chun feidhme

Tugtar léiriú sa tuarascáil seo freisin ar aschur inláimhsithe na gcoistí, ar táscaire tábhachtach eile é maidir le leibhéal na gníomhaíochta. Cuirtear i láthair i dTábla IV figiúirí foriomlána maidir leis na tuairimí foirmiúla a thug na coistí uathu agus na gníomhartha cur chun feidhme a ghlac an Coimisiún ina dhiaidh sin[21] agus léirítear ann freisin na cásanna inar fheidhmigh

[21] D'fhéadfadh an líon tuairimí agus gníomhartha/beart cur chun feidhme a bheith difriúil in aon bhliain faoi leith. mínítear na cúiseanna atá leis sin sa réamhrá leis an doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle a gceart grinnscrúdaithe faoi Airteagal 11 den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste.

**TÁBLA IV — AN LÍON TUAIRIMÍ AGUS GNÍOMHARTHA CUR CHUN FEIDHME A GLACADH**[22]

| Roinn an Choimisiúin | Tuairimí[23] | | Gníomhartha cur chun feidhme a glacadh | | Rúin ó Pharlaimint na hEorpa /Cinntí ón gComhairle (Airteagal 11) |
|---|---|---|---|---|---|
| | **2021** | **2022** | **2021** | **2022** | **2022** |
| **AGRI** | 101 | 103 | 100 | 100 | 0 |
| **BUDG** | 2 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| **CLIMA** | 9 | 4 | 9 | 5 | 0 |
| **CNECT** | 43 | 31 | 41 | 30 | 0 |
| **DEFIS** | 19 | 12 | 14 | 16 | 0 |
| **DIGIT** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **EAC** | 8 | 21 | 8 | 24 | 0 |
| **ECFIN** | 1 | 17 | 0 | 17 | 0 |
| **ECHO** | 8 | 13 | 9 | 13 | 0 |
| **EMPL** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **ENER** | 3 | 30 | 0 | 21 | 0 |
| **ENV** | 24 | 25 | 15 | 22 | 0 |
| **ESTAT** | 16 | 10 | 15 | 9 | 0 |
| **FISMA** | 22 | 25 | 18 | 22 | 0 |
| **FPI** | 0 | 5 | 0 | 4 | 0 |
| **GROW** | 62 | 85 | 31 | 73 | 0 |
| **HOME** | 67 | 58 | 36 | 49 | 0 |
| **INTPA** | 168 | 106 | 167 | 104 | 0 |
| **JUST** | 9 | 13 | 8 | 9 | 0 |
| **MARE** | 16 | 13 | 9 | 19 | 0 |
| **MOVE** | 64 | 48 | 61 | 55 | 0 |
| **NEAR** | 40 | 110 | 40 | 108 | 0 |
| **OLAF** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **REFORM** | 0 | 2 | 0 | 1 | 0 |
| **REGIO** | 7 | 3 | 5 | 5 | 0 |
| **RTD** | 149 | 354 | 110 | 333 | 0 |
| **SANTE** | 818 | 819 | 775 | 907 | 10 (Parlaimint na hEorpa) |
| **SG*** | 13 | 13 | 2 | 0 | 0 |
| **TAXUD** | 50 | 43 | 47 | 40 | 0 |
| **TRADE** | 76 | 85 | 71 | 86 | 0 |
| **IOMLÁN:** | **1782** | **2048** | **1592** | **2072** | **10** |

**Lena n-áirítear tuairimí arna dtabhairt ag an gcoiste achomhairc. Chun áireamh dúbailte a sheachaint, déantar gníomhartha cur chun feidhme a glacadh agus a théann tríd an gcoiste achomhairc a áireamh i gcomhair na gcoistí ar an gcéad leibhéal sna réimsí beartais lena mbaineann. Tá faisnéise mhionsonraithe maidir le hobair an choiste achomhairc le fáil i dTábla V.*

Thug na coistí **2048 dtuairim**[24] uathu in 2022, ar méadú é sin i gcomparáid le 2021 (1782), rud a léiríonn ualach oibre níos airde. Ar an gcaoi chéanna, glacadh **2072 ghníomh cur chun feidhme** tar éis nós imeachta coiste, líon i bhfad níos airde ná an bhliain roimhe sin (1592).

---

22 Maidir le gníomhartha cur chun feidhme a glacadh, ciallaíonn léiriú ranna an Choimisiúin (réimsí beartais) go ndearnadh na gníomhartha atá i gceist a ullmhú (go ndearnadh iad a phlé agus/nó go vótáladh orthu) i gcoiste arna bhainistiú ag an roinn sin de chuid an Choimisiúin; i gcásanna áirithe, is roinn eile de chuid an Choimisiúin a rinne glacadh an ghnímh a áirithiú go foirmiúil.

23 Déantar vóta arb é ‘gan tuairim’ an toradh air a áireamh i líon iomlán na dtuairimí ós rud é go bhfuil sé sin ar cheann de thorthaí féideartha na vótála sa choiste.

Tá ceart grinnscrúdaithe ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle faoi Airteagal 11 den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste. In 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa 10 rún ar bhonn Airteagal 11 den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste, agus bhain gach ceann acu le gníomhartha de chuid AS SANTE. In 2022 níor fheidhmigh an Chomhairle a ceart cur i gcoinne dréachtbhirt faoin bhforáil sin.

### 3.4. Cruinnithe an choiste achomhairc

Mar a léirítear i dTábla V thíos, tháinig an coiste achomhairc le chéile aon uair déag le linn 2022, agus pléadh 13 dhréachtghníomh cur chun feidhme a chuir an Coimisiún faoina bhráid. Trí úsáid a bhaint as comhairliúcháin i scríbhinn le haghaidh 6 dhréachtghníomh agus as vótáil i gcruinniú ar 7 gcinn acu, thug sé cinneadh 'gan tuairim' uaidh i ngach ceann de na 13 chás[25]. Ghlac an Coimisiún gach ceann de na 13 ghníomh cur chun feidhme tar éis vóta an choiste achomhairc, ach níor glacadh dhá cheann de na gníomhartha sin go dtí 2023.

**TÁBLA V — GNÍOMHAÍOCHT AN CHOISTE ACHOMHAIRC**

| Roinn an Choimisiúin | Líon cruinnithe/comhairliúchán i scríbhinn an choiste achomhairc | | Líon tuairimí[26] an choiste achomhairc | | An líon gníomhartha a glacadh tar éis don choiste achomhairc tuairim a thabhairt | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2021** | **2022** | **2021** | **2022** | **2021** | **2022** |
| **MOVE** | 1/0 | 0/0 | 1 (0) | 0 (0) | 1 | 0 |
| **SANTE** | 4 /10 | 10/6 | 10 (10) | 12 (12) | 10 | 10 |
| **TRADE** | 1/ 0 | 1/0 | 1 (1) | 1 (1) | 1 | 1 |
| **IOMLÁN:** | **6/10** | **11/6** | **12** | **13 (13)** | **12** | **11** |

### 3.5. Úsáid an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú

Rinne an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste éifeachtaí an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a choinneáil ar bun chun críocha na mbunghníomhartha atá ann cheana a thagraíonn dó[27]. Ní féidir an nós imeachta seo a thabhairt isteach i reachtaíocht nua a thuilleadh, ach tá sé fós le feiceáil i go leor bunghníomhartha atá ann cheana agus leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige faoi na gníomhartha sin go dtí go ndéanfar ailíniú ar na cumhachtuithe faoi seach leis na cumhachtuithe le haghaidh gníomhartha tarmligthe nó le haghaidh gníomhartha cur chun feidhme (mar a léirítear i Roinn 2.1).

---

24 Bhí tromlach mór na vótaí dearfach, ach tugadh vóta 'gan tuairim' i 33 chás (cé is moite díobh siúd ar leibhéal an choiste achomhairc). Ní raibh aon chás ann de vóta diúltach.

25 Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

26 Cuimsíonn an téarma 'tuairim' aon chás a mbeadh 'gan tuairim' mar thoradh foirmiúil air, rud a chiallaíonn nach bhfuil gá le tromlach, bealach amháin nó bealach eile. Léirítear an líon cásanna 'gan tuairim' idir lúibíní.

27 Airteagal 12, an dara mír den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste.

In 2022, glacadh 68 mbeart i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú (féach Tábla VI thíos), figiúr atá cothrom le líon na mbeart a glacadh in 2021 (68).

In 2022 níor bhain ceachtar de na comhreachtóirí úsáid as an gceart chun cur i gcoinne gníomhartha faoin nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú. Ar mhaithe le comparáid a dhéanamh, in 2021, chuir Parlaimint na hEorpa i gcoinne gníomhartha dhá uair[28], ach níor bhain an Chomhairle úsáid as an gceart sin ar chor ar bith.

[28] Féach na sonraí in SWD(2022)279, lch. 102.

**TÁBLA VI — AN LÍON BEART A GLACADH I GCOMHRÉIR LEIS AN NÓS IMEACHTA RIALÚCHÁIN LENA NGABHANN GRINNSCRÚDÚ**

| Roinn an Choimisiúin | Nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú – bearta a glacadh | Na dréachtbhearta ar chuir Parlaimint na hEorpa ina gcoinne | Na dréachtbhearta ar chuir an Chomhairle ina gcoinne |
|---|---|---|---|
| **AGRI** | 0 | 0 | 0 |
| **BUDG** | 0 | 0 | 0 |
| **CLIMA** | 0 | 0 | 0 |
| **CNECT** | 0 | 0 | 0 |
| **DEFIS** | 0 | 0 | 0 |
| **DIGIT** | 0 | 0 | 0 |
| **EAC** | 0 | 0 | 0 |
| **ECFIN** | 0 | 0 | 0 |
| **ECHO** | 0 | 0 | 0 |
| **EMPL** | 0 | 0 | 0 |
| **ENER** | 0 | 0 | 0 |
| **ENV** | 2 | 0 | 0 |
| **ESTAT** | 2 | 0 | 0 |
| **FISMA** | 2 | 0 | 0 |
| **FPI** | 0 | 0 | 0 |
| **GROW** | 7 | 0 | 0 |
| **HOME** | 0 | 0 | 0 |
| **INTPA** | 0 | 0 | 0 |
| **JUST** | 0 | 0 | 0 |
| **MARE** | 0 | 0 | 0 |
| **MOVE** | 0 | 0 | 0 |
| **NEAR** | 0 | 0 | 0 |
| **OLAF** | 0 | 0 | 0 |
| **REGIO** | 0 | 0 | 0 |
| **REFORM** | 0 | 0 | 0 |
| **RTD** | 0 | 0 | 0 |
| **SANTE** | 55 | 0 | 0 |
| **SG** | 0 | 0 | 0 |
| **TAXUD** | 0 | 0 | 0 |
| **TRADE** | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN:** | **68** | **0** | **0** |

## 4. CONCLÚID

In 2022 lean gníomhaíocht na gcoistí ar aghaidh le déine mhéadaithe. Ar an iomlán bhí 322 choiste ann, a thionóil 673 chruinniú, a rinne 1675 nós imeachta i scríbhinn agus a thug 2048 thuairim uathu. Trína chur ar a gcumas do na Ballstáit a gcumhachtaí rialaithe a fheidhmiú i gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Coiste, cuireann na coistí cúnamh luachmhar ar fáil don Choimisiún maidir leis na cumhachtaí cur chun feidhme a thugann na comhreachtóirí dó a fheidhmiú.

Iarrtar ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n- aire.